2024/2988

3.12.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2988 ÓN gCOMHAIRLE

an 2 Nollaig 2024

lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Lúnasa 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/452/CBES [1], lenar cuireadh síneadh le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia), arna bhunú le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/736/CBES ón gComhairle [2].

(2) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2318 [3], lenar cuireadh síneadh le sainordú EUMM Georgia go dtí an 14 Nollaig 2024.

(3) I gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh ar EUMM Georgia, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú EUMM Georgia go dtí an 14 Nollaig 2026.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/452/CBES a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfear EUMM Georgia i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 14(1), cuirtear an fomhír seo a leanas leis:

'Is é EUR 50 648 747,00 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an Misean a chumhdach idir an 15 Nollaig 2024 agus an 14 Nollaig 2026.'.

(2) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Rachaidh sé in éag an 14 Nollaig 2026.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 15 Nollaig 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY M.

---

[1] Cinneadh 2010/452/CBES ón gComhairle an 12 Lúnasa 2010 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 213, 13.8.2010, lch. 43).

[2] Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/736/CBES ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2008 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 248, 17.9.2008, lch. 26).

[3] Cinneadh (CBES) 2022/2318 an 25 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 307, 28.11.2022, lch. 133).